An Bord Pleanála

Tionscadail Leasa Choitinn
Lámhleabhar de Nósanna Imeachta maidir le Deonú Ceadúnais

Airteagal 9 de Rialachán 347/2013 maidir le Treoirlínte le haghaidh Bonneagar Tras-Eorpach Fuinnimh.



Tionscadail Leasa Choitinn

Lámhleabhar de Nósanna Imeachta maidir le Deonú Ceadúnais

Airteagal 9 de Rialachán 347/2013 maidir le Treoirlínte le haghaidh Bonneagar Tras-Eorpach Fuinnimh.

Séanadh

De réir Airteagal 9.1 den Rialachán, níl an Lámhleabhar seo ceaptha le bheith ina cheangal dlí. Tá an Lámhleabhar ceaptha le cuidiú le tionscnóirí tionscadal, leis an bpobal agus leis na húdaráis ábhartha. Tá sé ceaptha go gcuirfidh an Lámhleabhar le rannpháirtíocht pobail agus le trédhearcacht phróiseas TLC. Meabhraítear do thionscnóirí tionscadail gur orthu atá an fhreagracht a chinntiú go bhfaightear gach ceadúnas is gá agus go gcomhlíonann a gcuid tionscadal an dlí.

Clár

1. Réamhrá

    1.1 Rialachán (AE) Uimh. 347/2013
    1.2 Rialú agus Tionscadail Leasa Choitinn
    1.3 Údarás Inniúil agus Éire
    1.4 Lámhleabhar na Nósanna Imeachta

2. Eagar an Phróisis Deonaithe Ceada

    2.1 An Scéim Chomhoibritheach
    2.2 Ról an Bhoird Phleanála mar Údarás Inniúil
    2.3 Ról na nÚdarás Ceadaitheora
    2.4 Oibleagáidí agus Ceanglais

3. Rannpháirtíocht an Phobail

    3.1 Ginearálta
    3.2 Modh Rannpháirtíocht an Phobail
    3.3 Rannpháirtíocht an Phobail agus Airteagal 9 de Rialachán 347/2013
    3.4 An Nós Imeachta Réamhiarratais agus Rannpháirtíocht an Phobail
    3.5 Rannpháirtíocht an Phobail sula gCuirtear an Comhad Iarratais isteach
    3.6 Grúpáil na Nósanna Imeachta Comhairliúchán Poiblí
    3.7 Coincheap Rannpháirtíocht an Phobail
    3.8 Suíomh Gréasáin an Tionscadail agus Rannpháirtíocht an Phobail
    3.9 An Nós Imeachta Reachtúil um Dheonú Ceadúnais agus Rannpháirtíocht an Phobail
        3.9.1 Rannpháirtíocht an Phobail agus an Bord Pleanála
        3.9.2 Rannpháirtíocht an Phobail agus an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (GCC)
        3.9.3 Rannpháirtíocht an Phobail agus Iarratais Imeall Trá

4. An Próiseas Deonaithe Ceada: Airteagal 10

    4.1 Céim an Fhógra
    4.2 An Nós Imeachta Réamhiarratais
        4.2.1 An Fhaisnéis Riachtanach
        4.2.2 Seicliosta
        4.2.3 Dréachtchomhad Iarratais
        4.2.4 Sceideal Mionsonraithe don Phróiseas Deonaithe Ceada

4.3 An Nós Imeachta Reachtúil maidir le Deonú Ceada
4.4 TLC agus Comhéadan an Bhonneagair Straitéisigh
4.5 An Cinneadh Cuimsitheach

5. An Phríomhreachtaíocht Deonaithe Ceada

5.1 Pleanáil Spásúil
5.2 Measúnú Tionchair Timpeallachta
5.3 Measúnú Cuí
5.4 Uisce
5.5 Toiliú Ionaid
5.6 Ceadúnais do Bhonneagar Gáis
5.7 Toilithe do Phíblínte Gáis
5.8 Píblínte Gáis (Le sruth)
5.9 Giniúint agus Tarchur Leictreachais
5.10 Idirnascaire Leictreachais agus Stáisiúin Ghiniúna
5.11 Astaíochtaí Tionsclaíocha agus Ceadúnú Comhtháite um Rialú Truailliú
5.11.1 Reachtaíocht maidir le Ceadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha
5.11.2 Aidhm an Cheadúnaithe TLC
5.11.3 Ceadúnú Comhtháite ar Rialú Truaillithe (TLC)
5.12 Gníomhaíochtaí ina dteastaíonn Toiliú agus an Treoir maidir le Gnáthóga

6. Na Mór-gheallsealbhóirí

7. Sonraí na nDoiciméad in Iarratais
7.1 An Fhaisnéis Riachtanach
7.2 Seicliosta

8. Sonraí Teagmhála

8.1 Údarás Inniúil: An Bord Pleanála
8.2 Údaráis Eile

9. Aguisín I Sonraí Teagmhála

10. Aguisín II Doiciméid Treoracha

1. Réamhrá

1.1 Rialachán (AE) Uimh. 347/2013

Ullmhaíodh an lámhleabhar seo de bhun Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh (an Rialachán). Féachtar leis an Rialachán seo le nuachóiriú agus leathnú a dhéanamh ar bhonneagar fuinnimh na hEorpa agus le líonraí a nascadh trasna teorainneacha chun sainchuspóirí bheartas fuinnimh an Aontais – iomaíocht, inbhuanaitheacht agus slándáil an tsoláthair – a chomhlíonadh. Gheofar nasc chuig an Rialachán anseo. Déanfar an Lámhleabhar a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta de réir taithí.

Comhairliúchán Poiblí ar an Lámhleabhar

Foilsíodh an Lámhleabhar den chéad uair an 15 Bealtaine 2014. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Lámhleabhar i 2016, agus bhí comhairliúchán poiblí san áireamh ann. Cuireadh gach freagairt a fuarthas san áireamh san athbhreithniú agus cuireadh ar fáil iad ar ár suíomh gréasáin.

1.2 Rialú agus Tionscadail Leasa Choitinn

Chun comhtháthú margadh fuinnimh an Aontais Eorpaigh a fheabhsú, tá liosta tionscadal bonneagar fuinnimh tiomsaithe ag an gCoimisiún Eorpach ar a dtugtar Tionscadail Leasa Choitinn (TLC). Roghnaíodh na tionscadail chun cuspóirí bheartas fuinnimh an AE ó thaobh fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe, a bhaint amach.

Is féidir go rachaidh na nithe seo a leanas chun sochair do TLC: luasghéarú ar phleanáil agus ar dheonú ceada, údarás aonair náisiúnta chun ceadanna a fháil, dálaí feabhsaithe rialála, costais riaracháin níos ísle de bharr próisis líomhchóirithe measúnaithe timpeallachta, méadú ar rannpháirtíocht pobail trí chomhairliúcháin, méadú ar shofheictheacht d'infheisteoirí agus rochtain ar thacaíocht airgeadais.

Lena aicmiú mar TLC, ní mór tionchar suntasach a bheith ag an tionscadal ar na margaí fuinnimh agus ar chomhtháthú margaidh in dhá thír AE ar a laghad. Ba chóir go gcuirfidís le hiomaíocht, slándáil fuinnimh agus comhtháthú na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite.

Déantar foráil sna Rialacháin do liosta Aontais de Thionscadail Leasa Choitinn. Ghlac an Coimisiún Eorpach Dara Liosta an Aontais an 18 Samhain 2015. Gheofar nasc chuig liosta an Aontais anseo.

Ní mór a chur san áireamh nach Údarás Inniúil a roghnaíonn na TLCanna ar liosta an Aontais ach Grúpaí Réigiúnach an Choimisiúin Eorpaigh. Is iad baill na nGrúpaí Réigiúnacha ionadaithe ó aireachtaí ábhartha, údaráis náisiúnta rialála agus oibreoirí agus tionscnóirí tionscadal na gcóras tarchuradóireachta gáis agus leictreachais, Líonra Eorpach Oibreoirí Córais Tarchurtha leictreachais agus gáis, an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus an Coimisiún Eorpach. Cuir san áireamh gur ag Aireachtaí na mBallstát agus an Coimisiún Eorpach amháin i measc na nGrúpaí Réigiúnacha atá cumhachtaí cinnteoireachta.

1.3 Údarás Inniúil agus Éire

Ainmníodh an Bord Pleanála mar an tÚdarás Inniúil an 4 Nollaig 2013. Mar Údarás Inniúil táimid freagrach as an próiseas deonaithe cead do thionscadail leasa choitinn a éascú agus a chomhordú.

1.4 Lámhleabhar na Nósanna Imeachta

Foráiltear in Airteagal 9 den Rialachán, ina ndéileáiltear le Trédhearcacht agus le Rannpháirtíocht an Phobail, go ndéanfaidh gach Ballstát nó Údarás Inniúil, i gcás inar cuí, agus i gcomhar leis na húdaráis eile i dtrácht, lámhleabhar nósanna imeachta a fhoilsiú maidir leis an bpróiseas um dheonú ceadúnais a ghabhann le Tionscadail Leasa Choitinn. Tabharfar an lámhleabhar chun dáta de réir mar is gá agus cuirfear ar fáil don phobal é. Ní ceangal dlí é an lámhleabhar. Áireofar ar an lámhleabhar ar a laghad an t-eolas a shonraítear in Iarscríbhinn VI (1) den Rialachán. Tá VI (1) curtha ar fáil thíos, mar áis thagartha:

Iarscríbhinn VI(1)

Sonrófar ar a laghad na nithe seo a leanas sa lámhleabhar dá dtagraítear in Airteagal 9(1):

(a) an dlí ábhartha ar a mbunaítear cinntí agus tuairimí i gcás na gcineálacha difriúla Tionscadal Leasa Choitinn ábhartha, lena n-áirítear an dlí comhshaoil;

(b) na cinntí agus na tuairimí ábhartha a bheidh le fáil;

(c) ainmneacha agus sonraí teagmhála bhaill an Údaráis Inniúil, na n-údarás eile agus na bpríomh-gheallsealbhóirí i dtrácht;

(d) an sreabhadh oibre, ina luaitear gach céim sa phróiseas, lena n-áirítear fráma ama táscach agus forbhreathnú cuimsitheach ar an bpróiseas cinnteoireachta;

(e) eolas ar scóip, struchtúr agus leibhéal sonraí na ndoiciméad atá le cur isteach leis an iarratas ar chinntí, agus seicliosta san áireamh;

(f) céimeanna agus modhanna le gur féidir leis an bpobal i gcoitinne a bheith rannpháirteach sa phróiseas.

2.0 Eagar an Phróisis Deonaithe Ceada

2.1 An Scéim Chomhoibritheach

Chun an próiseas um dheonú ceadúnais a chur chun feidhme roghnaigh Stát na hÉireann an scéim "Comhoibritheach" mar an mheicníocht trína n-eiseofar an cinneadh cuimsitheach. Foráiltear leis seo go ndéanfaidh an tÚdarás Inniúil an cinneadh cuimsitheach a chomhordú. Déanfaidh an tÚdarás Inniúil, i gcomhairle leis na húdaráis i dtrácht, i gcás gurb infheidhme de réir an dlí náisiúnta, agus gan dochar do theorainneacha ama atá leagtha síos de réir Airteagal 10, teorainn réasúnta ama a bhunú, ar bhonn cáis, a n-eiseofar na cinntí aonair laistigh de. Déanfaidh sé monatóireacht ar cibé an bhfuil na húdaráis i dtrácht ag comhlíonadh na dteorannuithe ama. Más dócha nach n-eiseoidh údarás i dtrácht cinneadh aonair laistigh den teorainn ama, cuirfidh an t-údarás sin an tÚdarás Inniúil ar an eolas gan mhoill agus tabharfar cúis leis an moill. Dá éis sin, athshocróidh an tÚdarás Inniúil an teorainn ama a gcaithfear an cinneadh aonair a eisiúint laistigh de, ach comhlíonfar i gcónaí na teorannuithe ama foriomlána atá socraithe de réir Airteagal 10.

2.2 Ról an Bhoird Phleanála mar Údarás Inniúil

Is é ról an Bhoird Phleanála mar Údarás Inniúil, mar sin, comhthiomsú agus comhordú a dhéanamh ar eisiúint na dtoilithe is gá ó gach údarás ábhartha agus monatóireacht a dhéanamh ar cibé an bhfuil na húdaráis i dtrácht ag comhlíonadh na dteorannuithe ama. Tá ról ag an mBord Pleanála, leis, faoi Airteagal 5.6 i dtaca le dul chun cinn a thuairisciú, ar bhonn bliantúil, agus, más cuí, moilleanna i gcur chun feidhme Thionscadail Leasa Choitinn agus na cúiseanna leis na moilleanna sin.

Ról mar mheasúnóir neamhspleách a bheidh i ról reachtúil pleanála an Bhoird Phleanála i gcónaí, faoi mar ab amhlaidh roimhe seo, maidir le cinneadh a dhéanamh ar aon iarratas a thaisctear leis. Ní dhéanfaidh a dhualgais faoin Rialachán difear don mheasúnú neamhchlaon a dhéantar ar iarratais phleanála.

Chun béim a leagan air sin, bhunaigh an Bord Pleanála Aonad TLC chun an próiseas TLC a riar, aonad a bheith scoite amach ó na hAonaid Bhonneagair Straitéisigh agus na hAonaid Achomhairc Phleanála. Tá an tAonad seo freagrach as na toilithe éagsúla a chomhordú agus as comhoibriú leis na comhlachtaí a thugann toiliú, agus le hÚdaráis Inniúla eile, as an Lámhleabhar Nósanna Imeachta an Phróisis um Dheonú Ceadúnais a thabhairt chun dáta, agus as an gcinneadh cuimsitheach a eisiúint.

Is é ról an Bhoird Phleanála faoin Scéim Chomhoibritheach ceadúnas a chur ar fáil in am trátha mar chuid den phróiseas TLC, ar aon dul leis na húdaráis eile i dtrácht. I gcás tionscadal TLC ar tionscadal Bonneagair Straitéisigh é, leis, d'fhéadfaí smaoineamh ar an mBord Pleanála mar chomhlacht a bhfuil dhá ról aige: ról amháin mar chomhlacht cinnteoireachta i dtaca le pleanáil agus ról eile tiomsaithe agus comhordaithe mar Údarás Inniúil sa phróiseas TLC, ar próiseas riaracháin é. Ní thrasnóidh an dá ról a chéile agus beidh aonad riaracháin ar leithligh i bhfeighil gach ról díobh chun an scaradh feidhmeanna seo a choimeád.

2.3 Ról na nÚdarás Ceadaitheora

Ní dhéanfaidh sé dochar do neamhspleáchas ná do neamhchlaon údaráis eile i dtrácht agus iarratais ar cheadúnas a thagann faoina dtéarmaí tagartha á gcinneadh acu, a bheith bainteach leis an bpróiseas TLC. Foráiltear sa Scéim Chomhoibritheach más dócha nach n-eiseoidh údarás aonair cinneadh ar cheadúnas laistigh den teorainn ama sonraithe, go gcuirfidh an t- údarás sin an Bord Pleanála mar Údarás Inniúil ar an eolas gan mhoill agus go dtabharfar cúis leis an moill. Níor cheart féachaint ar an gceanglas seo chun an Bord Pleanála (Údarás Inniúil)1 a chur ar an eolas agus cúis leis an moill a thabhairt mar ról ag an mBord Phleanála i gcinneadh aonair údaráis eile nó mar chur isteach ar ról cinnteoireachta reachtúil údaráis eile laistigh dá ndlínse reachtúil Ní bhainfidh ról monatóireachta mar sin ag an Údarás Inniúil ach amháin le heilimintí an teorannaithe ama agus na feidhme comhordaithe agus ba cheart féachaint air i gcomhthéacs sceideal an tionscadail aonair a dhréachtófar i ndlúthchomhar le húdaráis eile agus le tionscnóir an tionscadail.

2.4 Oibleagáidí agus Ceanglais

Leagann an Rialachán oibleagáidí agus ceanglais ar an mBord Pleanála mar Údarás Inniúil, ar údaráis cheadaitheora eile sa phróiseas agus ar thionscnóirí an tionscadail. Seo thíos liosta de chuid de na hoibleagáidí agus ceanglais i gceist.

An Bord Pleanála ina Údarás Inniúil

- Scéim mhionsonraithe a bhunú, ar bhonn cáis, le haghaidh an phróisis um dheonú ceadúnais Déanfar amhlaidh i gcomhairle le tionscnóir an tionscadail agus leis na húdaráis eile. [Airteagal 10.4(b)]. [Airteagal 10.4(b)].
- Monatóireacht a dhéanamh ar cibé an bhfuiltear ag comhlíonadh na dteorannuithe ama. [Airteagal 8.3(c)].
- Teorannuithe ama aonair a athshocrú, i gcás nach gcomhlíontar na teorannuithe ama bunaidh [Airteagal 8.3]
- Mionathrú nó ceadú a dhéanamh ar an gcoincheap rannpháirtíochta pobail a chuir tionscnóir an tionscadail isteach [Airteagal 9.3]
- Tuarascáil bhliantúil maidir le dul chun cinn nó moilleanna ar chur chun feidhme an TLC, ag féachaint do na próisis um dheonú ceadúnais, a chur faoi bhráid an Ghrúpa ábhartha. [Airteagal 5.6]
- Dul i mbun idirchaidrimh dhlúth le hÚdaráis Inniúla i mBallstáit eile, agus comhsceidil a ullmhú d'fhonn cláir ama a ailíniú. [Airteagal 10.4(b)].
- Lámhleabhar na Nósanna Imeachta a thabhairt chun dáta nuair is gá. [Airteagal 9.1]

1 Ciallaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) an Bord Pleanála ag gníomhú ina ról mar Údarás Inniúil faoin Rialachán.

Údaráis Cheadaitheora

- Dul i gcomhar leis an Aonad TLC chun measúnú a dhéanamh ar imlíne thionscadail, imlíne atá réasúnta mionsonraithe, a chuir tionscnóir an tionscadail isteach, ar mhaithe leis an bhfógra a thabhairt chun suntais agus tús an phróisis um dheonú ceadúnais a shocrú [Airteagal 10.1 (a)].
- Dul i gcomhar leis an Aonad TLC chun teorannuithe ama dá gcinntí a shocrú [Airteagal 10.4(b)].
- An tAonad TLC a chur ar an eolas i gcás nach dócha go gcomhlíonfar teorainn ama maidir le cinneadh, agus cúis leis an moill a chur ar fáil. [Airteagal 8.3(c)].
- An cinneadh sin a chóipeáil agus a chur in iúl don Aonad TLC agus an cinneadh a chur in iúl do thionscnóir an tionscadail ag an am céanna [Airteagal 8.3(c)].

Tionscnóirí Tionscadail

- Plean cur chun feidhme don tionscadal a dhréachtú.. [Airteagal 5.1]
- Imlíne réasúnta mionsonraithe den tionscadal a sholáthar nuair a bhíonn tús á chur leis an bpróiseas TLC. [Airteagal 10.1 (a)].
- Féachaint do na prionsabail a bhuntacaíonn le rannpháirtíocht pobail sa phróiseas. [Iarscríbhinn VI(3)].
- Coincheap maidir le rannpháirtíocht pobail a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Aonaid TLC. [Airteagal 9.3]
- A chinntiú go mbíonn an comhad iarratais iomlán agus leordhóthanach. [Airteagal 10.5]
- Tuarascáil a ullmhú ina n-achoimrítear torthaí na ngníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht pobail agus an tuarascáil mar aon leis an gcomhad iarratais a chur isteach go dtí an tAonad TLC. [Airteagal 9.4]
- A chinntiú go gcuirtear gach eolas is gá ar fáil go pras do na húdaráis ábhartha ionas gur féidir na teorannuithe ama socruithe a chomhlíonadh. [Airteagal 10.5]
- Suíomh Gréasáin tionscadail a bhunú, a choimeád agus a thabhairt chun dáta. [Airteagal 9.7]
- Comhoibriú i ngach slí leis an Aonad TLC chun sprioc-amanna a bhaint amach agus cloí le sceideal mionsonraithe an phróisis um dheonú ceada. [Airteagal 10.5]
- Tuarascáil bhliantúil ar an tionscadal a chur faoi bhráid an Aonaid PLC. [Airteagal 5.4]

3. Rannpháirtíocht an Phobail

3.1 Ginearálta

Bunaítear le Coinbhinsiún Aarhus roinnt cearta de chuid an phobail i dtaca leis an timpeallacht. Ar na cearta sin tá:

- an ceart ar fhaisnéis chomhshaoil atá i seilbh údaráis phoiblí a fháil,
- an ceart a bheith páirteach i gcinnteoireacht i leith na timpeallachta, agus
- an ceart ar rochtain ar cheartas.

Tá cur chuige an Údaráis Inniúil i leith próiseas rannpháirtíochta pobail ag éirí as Rialachán TLC bunaithe ar na cearta sa Choinbhinsiún.

Molfar do thionscnóirí tionscadail dul i gcomhairle leis an bpobal a luaithe is féidir agus sula gcuirtear tús leis an bpróiseas deonaithe ceada. Dírítear aird thionscnóirí tionscadail ar na ranna maidir le comhairliúchán poiblí sna doiciméid seo a leanas de chuid an Choimisiúin Eorpaigh:

- Nósanna imeachta comhshaoil le haghaidh Tionscadail Leasa Choitinn (TLCanna) bonneagair fuinnimh a shruthlíniú.

  http://ec.europa.eu/environment/eia/pdf/PCI_guidance.pdf

- Treoir Maidir le Cur chun feidhme na Nósanna Imeachta um Measúnú Tionchair Timpeallacht i gcás Tionscadal Trasteorann ar an Mórchóir

  http://ec.europa.eu/environment/eia/pdf/Transboundry%20EIA%20Guide.pdf

Ba chóir do thionscnóirí tionscadail a chur san áireamh, leis, gur coinníoll i bpróiseas le haghaidh toilithe éagsúla a bheidh i rannpháirtíocht pobail. Moltar do thionscnóirí tionscadail smaoineamh ar chomhordaitheoir nó maor áitiúil a cheapadh chun próiseas iomlán rannpháirtíochta pobail a shruthlíniú.

Bheadh ról comhoibritheach den sórt sin an-úsáideach go háirithe i dtaca leis na nósanna imeachta comhairliúcháin phoiblí, mar a shainítear iad in (3)(a) d'Iarscríbhinn VI leis an Rialachán, a ghrúpáil le chéile. Má théann an tionscnóir tionscadail i gcomhairle go luath leis an bpobal, ní gá don tionscnóir tionscadail é a chur in iúl don Údarás Inniúil, ach is féidir sonraí de a chur san áireamh sa choincheap maidir le rannpháirtíocht pobail. Foráiltear in Airteagal 9.3 den Rialachán go gcuirfidh an tÚdarás Inniúil san áireamh aon chineál rannpháirtíochta agus comhairliúcháin phoiblí a bhí ann roimh thús phróiseas an deonaithe ceada, agus an coincheap á breithniú.

3.2 Modh Rannpháirtíocht an Phobail

De ghnáth déanann córais toilithe Éireannacha soláthar do chomhairliúchán poiblí trí fhorálacha ábhartha reachtacha ina n-iarrtar ar iarratasóirí, nó an t-údarás inniúil,

an pobal nó comhlachtaí sonraithe a chur ar an eolas maidir leis an tionscadal nó ceadúnas beartaithe. Is gnách iarraidh ar iarratasóirí fógra a thabhairt i gcás iarratais bheartaithe ar thionscadal nó ar cheadúnas i nuachtán áitiúil agus/nó náisiúnta ar feadh tréimhse shonraithe sula gcuirtear an t-iarratas isteach. Foilsíonn údaráis phleanála agus údaráis toilithe eile liostaí seachtainiúla de chásanna cinnte.

De ghnáth, féadfaidh an pobal a bheith rannpháirteach i bpróisis toilithe ar na slite seo a leanas:

- Aighneachtaí/tuairimí a chur isteach ag céim an iarratasóra.
- Aighneachtaí/tuairimí a chur isteach ag céim an iarratasóra.
- Tuairimí ar an ráiteas tionchair timpeallachta.
- Tuairimí ar an ráiteas tionchair Natura.
- Rannpháirtíocht in éisteacht ó bhéal.
- Athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh.

3.3 Rannpháirtíocht an Phobail agus Airteagal 9 de Rialachán 347/2013

Foráiltear in Airteagal 9 go gcloífidh gach páirtí atá bainteach leis an bpróiseas um dheonú ceadúnais, gan dochar d'aon cheanglas faoi Choinbhinsiúin Aarhus agus Espoo agus d'aon dlí ábhartha AE, leis na prionsabail maidir le rannpháirtíocht pobail atá leagtha amach in Iarscríbhinn V1.3.

Seo thíos na prionsabail sin:

(a) Déanfar na geallsealbhóirí a ndéanfaidh an tionscadal leasa choitinn difear dóibh, lena n-áirítear údaráis ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, úinéirí talún agus saoránaigh a chónaíonn i bhfoisceacht an tionscadail, an pobal i gcoitinne agus a gcumainn, eagraíochtaí nó grúpaí, a choimeád ar an eolas agus rachfar i gcomhairle leo ag céim luath, nuair is féidir ábhair a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhair imní ag an bpobal a chur san áireamh ar shlí oscailte thrédhearcach. I gcás inar cuí, tacóidh an tÚdarás Inniúil go gníomhach le gníomhaíochtaí thionscnóir an tionscadail.

(b) Cinnteoidh údaráis inniúla go seoltar nósanna imeachta comhairliúcháin le haghaidh Tionscadail Leasa Choitinn in éineacht, a mhéad is féidir. Clúdóidh gach comhairliúchán poiblí gach ábhar a bhaineann leis an gcéim ábhartha den nós imeachta, agus ní dhéanfar ábhar a bhaineann le céim ar leith den nós imeachta a phlé i mbreis agus comhairliúchán poiblí amháin; mar sin féin, is féidir comhairliúchán poiblí amháin a sheoladh i mbreis agus suíomh geografach amháin. Taispeánfar go soiléir san fhógra maidir le comhairliúchán poiblí cé na hábhair a phléifear ag an gcomhairliúchán poiblí áirithe sin.

(c) Glacfar le tuairimí agus agóidí ó thús an chomhairliúcháin phoiblí go dtí éag an spriocdháta agus sa tréimhse sin amháin.

Gníomhóidh an Bord Pleanála mar Údarás Inniúil do Thionscadail Leasa Choitinn de réir na bprionsabal sin.

3.4 An Nós Imeachta Réamhiarratais agus Rannpháirtíocht an Phobail

Tá tréimhse tháscach 3 mhí ag tionscnóir an tionscadail ó thús an phróisis um dheonú ceadúnais chun coincheap rannpháirtíochta pobail a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil) Mar Údarás Inniúil, ní mór dúinn an coincheap a mhionathrú nó a cheadú laistigh de 3 mhí

Déanfar an mionathrú nó an ceadú tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha eile, de réir mar is cuí.

Chun éifeacht a thabhairt do phrionsabal rannpháirtíochta pobail, is é sin go gcuirfí an pobal i gcoitinne, geallsealbhóirí agus úinéirí talún ar an eolas go mion, beidh an tÚdarás Inniúil ag iarraidh ar thionscnóirí tionscadail an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a luaithe is féidir, agus d'fhéadfadh an tréimhse sula gcuireann tionscnóir an tionscadail an tÚdarás Inniúil ar an eolas go foirmiúil faoin tionscadal faoi Airteagal 10(1)(a) den Rialachán a bheith san áireamh ansin. Mar Údarás Inniúil, dírímid aird na dtionscnóirí tionscadail ar fhorálacha Airteagal 9(3) den Rialachán ina bhforáiltear go gcuirfidh an tÚdarás Inniúil san áireamh aon chineál comhairliúcháin agus rannphairtíochta poiblí a dhéantar roimh thús an phróisis um dheonú ceadúnais agus cinneadh ar bith á dhéanamh i dtaca le coincheap rannpháirtíochta pobail.

3.5 Rannpháirtíocht an Phobail sula gCuirtear an Comhad Iarratais isteach

Leagtar amach in Iarscríbhinn VI (5) den Rialachán, an méid, ar a laghad, a chuirfidh na páirtithe ábhartha ar fáil. Is iad na sonraí sin:

(a) bileog eolais 15 leathanach ar a mhéad, a thabharfaidh forbhreathnú soiléir gonta ar chuspóir agus ar réamh-thráthchlár an tionscadail, plean forbartha an ghreille náisiúnta, bealaí malartacha a breithníodh, tionchair ionchasacha, lena n-áirítear tionchair trasteorann, agus bearta maolaithe féideartha, agus a fhoilseofar roimh thús an chomhairliúcháin; ina theannta sin liostálfar sa bhileog eolais suíomhanna Gréasáin an ardáin trédhearcachta a ndéantar tagairt dó in Airteagal 18 agus an lámhleabhair nósanna imeachta;

(b) gach geallsealbhóir a ndéanfaidh an tionscadal difear dóibh a chur ar an eolas tríd an suíomh Gréasáin a ndéantar tagairt dó in Airteagal 9(7) den Rialachán agus ar shlite oiriúnacha eolais eile; a ndéantar tagairt dó in Airteagal 9(7) den Rialachán agus ar shlite oiriúnacha eolais eile;

(c) cuireadh i scríbhinn a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha chuig cruinnithe tiomnaithe,

Mar Údarás Inniúil, beimid ag súil go gcuirfidh tionscnóir an tionscadail sonraí ar fáil, ag céim an nós imeachta réamhiarratais, a chruthódh gur comhlíonadh an méid thuas

3.6 Grúpáil na Nósanna Imeachta Comhairliúchán Poiblí

Foráiltear i Iarscríbhinn VI den Rialachán do ghrúpáil na nósanna imeachta comhairliúcháin phoiblí an oiread is féidir i gcás tionscadal leasa choitinn.

I gcomhthéacs na hÉireann, ba ghnách comhairliúchán poilbí ar thionscadail ar leith a eagrú de réir ceantair tíreolaíoch, .i. trí sheisiúin eolais a chur ar fáil don phobal i réigiún nó i gceantar i bhfoisceacht tionscadail nó trí éisteacht ó bhéal a reáchtáil i suíomh sa cheantar nó sa réigiún sin.

Agus coincheap rannpháirtíochta pobail á ullmhú, molaimidne, mar Údarás Inniúil, do thionscnóirí tionscadail smaoineamh ní amháin ar ghrúpáil thíreolaíoch, ach anuas ar sin, mar shampla, ar ghrúpáil ar bhonn na saincheisteanna ábhartha ionas gur féidir leis an bpobal a dtuairim a thabhairt ar shaincheisteanna atá i bpáirt ag iarratais éagsúla a bhaineann leis an tionscadal céanna. Tuigimid go bhféadfadh bonn saincheisteanna a bheith deacair a bhaint amach de bharr na Scéim Comhoibrithí agus do líon na dtoilithe agus na línte ama. Mar sin féin, d'fhéadfadh comhairliúchán poiblí díriú ar líon na dtoilithe riachtanacha agus an tionchar ar an timpeallacht. Mar shampla, d'fhéadfaí ceist na giniúna tráchta a phlé mar shaincheist ghrúpáilte trína bhféadfaí impleachtaí tráchta na nithe seo a leanas – foirgníocht forbartha, oibriú, cothabháil, dúnadh bóithre, atreoruithe tráchta, feabhsúcháin ar bhóthre, agus talamh a cheannach go héigeantach do leathnú bóithre, ceangail bóithre trasteorann srl, – a phlé in aon suíomh amháin cé go bhféadfadh iarratais chuig údaráis éagsúla toilithe a bheith i gceist.

Is féidir gur céim thosaigh air seo faisnéis a sholáthar ar shuíomh gréasáin an tionscadail trí na saincheisteanna a ghrúpáil.

Moltar i ndoiciméad an AE ar Threoir maidir le Cur chun feidhme an Nóis Imeachta do Ráiteas Tionchair Timpeallacha do Thionscadail Thrasteorainneacha ar an Mórchóir comhaontuithe déthaobhacha nó ilnáisiúnta maidir le comhairliúchán poiblí trasteorann a eagrú lena n-áirítear éisteachtaí poiblí. Ba chóir do thionscnóirí tionscadail agus údaráis toilithe smaoineamh ar a indéanta a bheadh sé cur chuige mar sin a ghlacadh ag céim luath.

3.7 Coincheap Rannpháirtíocht an Phobail

Foráiltear in Airteagal 9.3 de Rialachán 347/2013 go ndéanfaidh tionscnóir tionscadail, laistigh den tréimhse thráscach trí mhí ó thús an phróisis um dheonú ceadúnais faoi Airteagal 10(1)(a), coincheap rannpháirtíochta pobail a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil. Laistigh de thrí mhí den choincheap a fháil, iarrfaidh an Údarás Inniúil mionathruithe nó ceadóidh sé an coincheap. Lorgóidh an Údarás Inniúil tuairim údarás ábhartha eile i dtrácht maidir leis an gcoincheap.

I bhfianaise na tréimhse gearr ama de thrí mhí chun Coincheap Rannpháirtíocht an Phobail a mhionathrú nó a cheadú, scaipfimid an coincheapa ar na húdaráis ábhartha agus tugtar tréimhse idir 3 agus 4 seachtaine do thuairimí. Ní mheasaimid go bhfuil aon scóip ann leis an tréimhse ama seo a shíneadh i bhfianaise riachtanais an Rialacháin. Ba chóir do gach údaráis ábhartha, mar sin, aon phróisis inmheánacha a bhunú is gá chun an tréimhse ama shonraithe a chomhlíonadh.

Cuirtear sonraí ar fáil in Iarscríbhinn VI (4) den Rialachán de mhéid a chlúdófar sa choincheap ar a laghad. Is iad na sonraí sin:

(a)	na geallsealbhóirí i gceist agus ar díríodh
(b)	na bearta atá beartaithe, lena n-áirítear na láithreacha ginearálta beartaithe agus dátaí
(c)	an tréimhse
(d)	na hacmhainní daonna atá curtha i leataobh do na

Díríonn an tÚdarás Inniúil aire thionscnóirí an tionscadail ar riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus ar cheart bunúsach na saoránach ar phríobháideachas maidir le haon ábhar a fhoilsítear mar chuid de choincheap rannpháirtíochta pobail.

I gcoitinne, tá ceaptha ag an Údarás Inniúil i gcás coincheap rannpháirtíochta pobail a mionathraíodh nó a ceadaíodh i gcás tionscadal ar leith, iarraidh ar thionscnóir an tionscadail an coincheap rannpháirtíochta pobail mionathraithe nó ceadaithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an tionscadail mar shlí eile leis an trédhearcacht agus rannpháirtíocht pobail a mhéadú.

Anuas air sin, is dóigh leis an Údarás Inniúil i gcoitinne gur chóir gach aighneacht a fhaightear mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an tionscadail ach amháin má sholáthraíonn an t-aighnitheoir cúiseanna réasúnta dár mbreithniú, mar Údarás Inniúil, gur chóir an t-aighnitheoir sin a bhreithniú faoi rún. Ba chóir do thionscnóirí tionscadail a bheith feasacht ar a bhfreagrachtaí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 maidir le sonraí pearsanta ar nós seoltaí agus sonraí teagmhála.

3.8 Suíomh Gréasáin an Tionscadail agus Rannpháirtíocht an Phobail

Leagtar amach in Iarscríbhinn VI (6) den Rialachán an fhaisnéis íosta a chuirfear ar fáil ar shuíomhanna gréasáin tionscadal. Is í an fhaisnéis sin:

(a)	an bhileog eolais a ndéantar tagairt dó i 8.4(a) thuas
(b)	achoimre neamhtheicniúil, a thugtar cothrom le dáta go rialta, nach mó ná 50 leathanach, a léiríonn stádas reatha an tionscadail agus a thaispeánann go soiléir, i gcás nuashonruithe, athruithe ar leaganacha roimhe; tá lánchead

ag tionscnóirí TLC eolas breise a chur ar fáil ar a gcuid suíomhanna Gréasáin. Mar sin féin, ní mór an bhileog eolais agus na doiciméid ina n-achoimrítear an stádas reatha a bheith i bhfoirm dhoiciméid neamhspleácha ina dtugtar tuairim iomlán, nach tuairim mhíthreorach í, ar an tionscadal agus a stádas reatha;

(c) pleanáil an tionscadail agus pleanáil rannpháirtíocht an phobail, ag tabhairt dátaí agus suíomhanna soiléire do chomhairliúcháin agus d'éisteachtaí poiblí; agus na hábhair is dócha a phléifear ag na héisteachtaí

(d) sonraí teagmhála an té ónar féidir sraith iomlán de na doiciméid

(e) sonraí teagmhála an té ar chóir tuairimí agus cuspóirí a chur chuige nó chuici le linn na gcomhairliúchán

Mar Údarás Inniúil, beimid ag súil go ndéanfaidh tionscnóir an tionscadail i dtrácht an suíomh Gréasáin a chothabháil agus go ndéanfar gach athrú ar inneachar an tsuímh a dhoiciméadú ar mhaithe le hiad a fhíorú.

3.9 An Nós Imeachta Reachtúil um Dheonú Ceadúnais agus Rannpháirtíocht an Phobail

Mar an tÚdarás Inniúil faoin Scéim Chomhoibríoch, is é príomhról an Bhoird Phleanála na toilithe éagsúla ó na húdaráis a chomhordú. Is é an cinneadh cuimsitheach an cinneadh nó an tsraith cinntí, gan cúirteanna ná binsí fiosrúcháin san áireamh, a chinneann cibé an údarófar tionscnóir tionscadail chun bonneagar fuinnimh a thógáil, ar mhaithe le tionscadal a chur i gcrích.

Beidh rannpháirtíocht pobail sna próisis aonair um dheonú toilithe faoi threoir údaráis eile i bPoblacht na hÉireann laistigh d'inniúlacht na n-údarás sin ag an gcéim reachtúil um dheonú ceadúnais seo.

3.9.1 Rannpháirtíocht an Phobail agus an Bord Pleanála

Gheofar Treoir do Rannpháirtíocht an Phobail i bhForbairt Bonneagair Straitéisigh anseo.

3.9.2 Rannpháirtíocht an Phobail agus an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (GCC)

Gheofar eolas maidir le rannpháirtíocht reachtúil an phobail sa GCC sa phróiseas ceadúnaithe agus ceadaithe ag na naisc seo a leanas:

Ceadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha

Ceadúnú Comhtháite Rialaithe Truaillithe

Ceadúnú Dramhaíola

3.9.3 Rannpháirtíocht an Phobail agus Iarratais Imeall Trá

Tosaíocht ard de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil is ea rannpháirtíocht pobail, agus iarratais imeall trá á measúnú.

Gheofar eolas maidir le rannpháirtíocht pobail na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in iarratais imeall trá anseo.

4. An Próiseas Deonaithe Ceada: Airteagal 10

Dhá nós imeachta atá i gceist sa phróiseas um dheonú ceadúnais: (a) an nós imeachta réamhiarratais agus (b) an nós imeachta reachtúil um dheonú ceadúnais. Cuir san áireamh go dtosaíonn an próiseas deonaithe ceada ar dháta an tsínithe ar an admháil a fhaightear ar an bhfógra ón Údarás Inniúil. Cuireann an Rialachán 3 mhí i leataobh do chéim an fhógra.

4.1 Céim an Fhógra

D'fhonn tús an phróisis um dheonú ceadúnais a shocrú, ní mór do thionscnóir an tionscadail an tionscadal a fhógairt don Údarás Inniúil. Mar Údarás Inniúil, níl aon fhoirm fhoirmiúil iarratais tugtha isteach againn maidir leis an bhfógra scríofa seo. Le linn na tréimhse trí mhí atá ar fáil chun an fógra a admháil nó a dhiúltú, iarrfaimid measúnú ar na húdaráis ábhartha uile cibé an bhfuil an tionscadal aibí a dhóthain chun dul isteach sa phróiseas deonaithe ceada, nó nach bhfuil. Mar sin tá sé riachtanach go dtabharfadh tionscnóir an tionscadail sonraí na dtoilithe a bheidh riachtanach ag an gcéim seo. I gcás nach ndéantar toiliú riachtanach éigin a shainaithint, d'fhéadfaí moill a chur ar an bpróiseas TLC. Cuir san áireamh nach n-áirítear an tréimhse thrí mhí seo sa tréimhse tháscach dhá bhliain don nós imeachta réamhiarratais.

Mar an Údarás Inniúil, molaimid do thionscnóirí tionscadail teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha uile sula ndéantar an tionscadal a fhógairt go hoifigiúil dúinne. Molaimid do thionscnóir an tionscadail na rudaí seo a leanas a dhéanamh sula ndéantar teagmháil linn:

- Tús a chur le gach próiseas riachtanach réamhiarratais leis na húdaráis ábhartha.
- Tar éis teagmháil a bhunú leis na húdaráis ábhartha uile (agus cuir sonraí teagmhála san áireamh san fhógra dúinn).
- Mionteagasc ar an tionscadal a chur ar fáil do na húdaráis ábhartha uile.
- Dóthain pleananna agus doiciméid a sholáthar do na húdaráis chun cur síos a dhéanamh ar nádúr agus ar mhéad an tionscadail.
- Na húdaráis a chur ar an eolas faoi na tréimhsí ama féideartha, lena n-áirítear tréimhse fógartha cheaptha an TLC.

Anuas air sin, moltar an tionscadal a chur in iúl don phobal a luaithe is féidir agus breithniú ar thionscadail mhalartacha a bheith san áireamh ansin. Trí rannpháirteachas, beidh an pobal in ann tionchar a bheith acu ar an bpróiseas. Chuige sin, ní mór na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- Fógraí i nuachtáin áitiúla le nasc chuig suíomh gréasáin ábhartha beag beann ar cibé an bhfuil an fhaisnéis air iomlán nó neamhiomlán.
- Teagmháil dhíreach ríomhphoist le comhairleoirí contae áitiúla agus ionadaithe Dála.
- Teagmháil dhíreach le cumainn áitiúla cónaitheoirí.
- Teagmháil dhíreach leis an gCumann Tráchtála áitiúil.

Tar éis fógra a fháil i dtaobh an tionscadail ó thionscnóirí an tionscadail, beidh trí mhí ag an Údarás Inniúil chun an fógra a thabhairt chun suntais nó a dhiúltú (thar ceann na n-údarás ábhartha). Ceanglófar ar thionscnóir an tionscadail, mar chuid den fhógra, imlíne réasúnta mionsonraithe den tionscadal a chur isteach go dtí an Údarás Inniúil. Beidh an Údarás Inniúil ag súil go sonróidh tionscnóir an tionscadail nádúr agus méid an tionscadail agus go liostóidh sé na toilithe uile is dóigh leis is gá, i dtuairim thionscnóir an tionscadail, chun cinneadh cuimsitheach a eisiúint.

Meastar imlíne tionscadail a bheith mionsonraithe a dhóthain má bhíonn dóthain sonraí ann chun gach údaráis a dteastaíonn a dtoiliú uathu a chur ar an eolas maidir le nádúr agus méid an tionscadail, ag féachaint dá bhfreagrachtaí reachtúla. Ba chóir do na sonraí a sholáthraítear a chumasú do na húdaráis tuiscint a fháil ar raon an tionscadail ionas go mbíonn siad sásta i gcoitinne go dtuigeann tionscnóir an tionscadail gach saincheist is dócha a thiocfaidh chun cinn, mar aon le fadhbanna, srianta, rannpháirtíocht pobail, tuarascálacha riachtanacha teicniúla agus comhshaoil, agus leibhéal na sonraí sna pleananna, líníochtaí agus sonraíochta teicniúla is gá a thaisceadh.

Ní gá do thuarascálacha, pleananna nó sonraíochtaí a ghabhann leis an bhfógra a bheith san fhoirm iomlán ag an gcéim seo den phróiseas. Mar sin féin, ní mór do leibhéal na sonraí a sholáthraítear a bheith leordhóthanach le go mbeidh an t-údarás ábhartha sásta go dtuigeann tionscnóir an tionscadail castacht agus líon na sonraí a bheidh ag teastáil. I gcás sonraí a sholáthraítear nach bhfuil i bhfoirm iomlán go fóill, ba chóir tréimhse ama a shonrú lena soláthar i bhfoirm iomlán agus an tréimhse ama seo a nascadh leis an tréimhse ama chun an t-iarratas a chur isteach chuig an údarás ábhartha. Gheofar ar a suíomhanna gréasáin faoi seach faisnéis ar na doiciméid is gá a sholáthar chun dul isteach i bplé réamhiarratais leis an mBord Pleanála (An Rannán Bonneagair Straitéisigh), an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ceadúnas Imeall Trá), an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh agus an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil.

Tosóidh an nós imeachta réamhiarratais nuair a admhóidh an tÚdarás Inniúil go bhfuarthas an fógra a chuir tionscnóir an tionscadail isteach faoi Airteagal 10.1(a). Beidh tionscnóirí an tionscadail ar an eolas gur ról comhthiomsaithe agus comhordaithe atá ag an Údarás Inniúil faoin Scéim Chomhoibritheach. Dá réir sin, má chuireann aon údarás ábhartha in iúl dúinn, ag féachaint dá réimse inniúlachta, nach dóigh leis go bhfuil an tionscadal aibí a

dhóthain chun dul isteach sa phróiseas, cuirfidh an tÚdarás Inniúil é sin in iúl do thionscnóir an tionscadail. Ní dhéanfaidh sé aon difear má fhaightear ó aon údarás ábhartha eile (nó gach údarás eile) scéala gur dóigh leo go bhfuil an tionscadal aibí a dhóthain chun dul isteach sa phróiseas. Agus an beart seo á dhéanamh, ba chóir do thionscnóirí tionscadail a chur san áireamh nach bhfuil an t-údarás againn mar Údarás Inniúil faoin Scéim Chomhoibritheach aon chinneadh a dhéanann údarás ábhartha i dtaca lena réimse saineolais féin a chur ar neamhní.

4.2 An Nós Imeachta Réamhiarratais

Clúdaíonn an nós imeachta réamhiarratais an tréimhse idir thús an phróisis um dheonú ceadúnais agus an uair a ghlacann an tÚdarás Inniúil le comhad an iarratais. Beidh an tréimhse sin ann laistigh de thréimhse tháscach dhá bhliain. Foráiltear in Airteagal 10.2 den Rialachán le haghaidh síneadh 9 mí ar a mhéad ar an tréimhse ama (ar an Nós Imeachta Réamhiarratais agus an Nós Imeachta Reachtúil Deonaithe Ceada in éineacht).

Ba chóir do thionscnóir an tionscadail gach tuarascáil chomhshaoil is gá dó nó di a chur ar fáil a ullmhú sa chéim réamhiarratais. Tar éis don Údarás Inniúil tús an phróisis um dheonú ceadúnais a thabhairt chun suntais, faoi alt 10.1(a) den Rialachán, sonróidh an tÚdarás Inniúil raon an ábhair agus leibhéal sonraí an eolais a chaithfear a chur isteach. Déanfar amhlaidh i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile i dtrácht, agus i gcás inar cuí, ar bhonn thogra de chuid thionscnóir an tionscadail.

Beidh an tÚdarás Inniúil sásta cruinniú a bheith aige le tionscnóir tionscadail chun aon ghné den phróiseas TLC a phlé le linn chéim an nóis imeachta réamhiarratais. De ghnáth déanfaidh foireann riaracháin ionadaíocht don Údarás Inniúil ag cruinnithe. Ní bheidh baill den Bhord i láthair ag na cruinnithe seo. Chun amhras a sheachaint, ní mór a thuiscint nach bpléifear ag na cruinnithe seo fiúntas nó easpa fiúntais tionscadail. Coimeádfaidh an tÚdarás Inniúil taifead den chruinniú agus ar chríoch an nóis imeachta réamhiarratais cuirfear taifead na gcruinnithe uile ar fáil don phobal trína gcur ar shuíomh gréasáin an Údaráis Inniúil.

Mar sin ba cheart do thionscnóirí tionscadail a chur san áireamh go gcuirfidh an tÚdarás Inniúil gach doiciméad a fhaightear mar chuid de phróiseas TLC ar fáil don phobal trína chur ar a shuíomh gréasáin ag deireadh an phróisis. Beidh na nithe seo a leanas san áireamh sna doiciméid:

- Fógra ó thionscnóir an tionscadail.
- Admháil den fhógra.

- Taifead de gach cruinniú.
- Gach tuarascáil inmheánach de chuid an Údaráis Inniúil.
- Coincheap Rannpháirtíocht an Phobail
- Tuarascálacha a fuarthas ó aon údarás eile atá bainteach leis an bpróiseas,
- Dréachtchomhad Iarratais
- Ceisteanna agus freagraí maidir le Faisnéis atá ar Iarraidh.

4.2.1 An Fhaisnéis Riachtanach

Ní mór a chur san áireamh faoi Airteagal 10.4 den Rialachán gur féidir raon an ábhair agus leibhéal na sonraí eolais a shainaithint ar bhonn togra ó thionscnóir an tionscadail. Inár gcáil mar Údarás Inniúil rachaimid ar aghaidh de ghnáth trí thogra den sórt sin a iarraidh. I bhfírinne is faoi úinéireacht thionscnóir an tionscadail atá an tionscadal agus beidh sonraí an tionscadail ar eolas ag tionscnóir an tionscadail. Mar sin is ag tionscnóir an tionscadail is fearr a bheidh a fhios cén fhaisnéis mhionsonraithe a bheidh ag teastáil ó na húdaráis i dtrácht. Mar sin ba chóir don tionscnóir tionscadail togra a chur isteach, rud is féidir a dhéanamh tríd an doiciméadú (ní gá go mbeadh sé san fhoirm iomlán) nó trí sceideal na ndoiciméad atá ceaptha le cur isteach leis na hiarratais ábhartha ar thoiliú, a chur isteach. Ba chóir clár ábhar de na tuairiscí éagsúla teicniúla (nuair is cuí), ar a laghad, a bheith in aon sceideal doiciméad, lena n-áirítear EIS nó NIS, mar shampla, más ann dóibh. Ba chóir d'aon phleananna nó líníochtaí is gá chun suíomh, raon agus méid an tionscadail a aithint a bheith cruinn a ndóthain chun gur féidir leis na húdaráis abhartha comhthéacs an tsuímh a scrúdú ó thaobh leagan amach agus gaol an tsuímh le suíomhanna cóngaracha, nó suíomhanna ábhartha eile. I gcás ina bhfuil tionscadal líneach i gceist, ba chóir an tslí a thaispeáint a shoiléire is féidir agus aon éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint, lena n-áirítear aon seirbhís choimhdeach nó láthair rochtana.

I gcás talún nach bhfuil faoi úinéireacht nó rialú thionscnóir an tionscadail, ba chóir sonraí na leasanna dlí a thabhairt gan na húinéirí reatha a ainmniú nó a aithint, de riachtanas, chun a fháil amach an bhfuil dóthain spéise ann chun iarratas a dhéanamh faoi na próisis éagsúla toilithe reachtacha is gá. Níor cheart aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála nó faisnéis phearsanta a chur isteach ach amháin má bhíonn toiliú sainráite an duine i dtrácht ag gabháil leis.

4.2.2 Seicliosta

Seo a leanas seicliosta de na doiciméid atá le cur isteach mar chuid den chomhad iarratais ar an gcinneadh cuimsitheach.

- Sceideal na gceadanna/toilithe is gá chun an tionscadal a chur i gcrích.
- Litir ina ndeimhnítear go bhfuil sonraí gach ceada/toilithe is gá chun an tionscadal sa Sceideal a chur i gcrích, curtha san áireamh ag tionscnóir an tionscadail.
- Sonraí teagmhála i gcás gach ceann de na húdaráis ábhartha toilithe.
- Doiciméid ina mionsonraítear gach faisnéis agus plean agus sonra is gá do gach iarratas ar leith ar thoiliú is gá chun an cinneadh cuimsitheach a eisiúint.
- Sonraí aon doiciméad ar nós tuarascálacha nó suirbhéanna neamhiomlána mar aon le fad tréimhse measta le hiad a chríochnú.
- Sceideal de na dátaí beartaithe chun na hiarratais ábhartha is gá ar thoiliú a thaisceadh.
- Sonraí teagmhála thionscnóir an tionscadail.

4.2.3 Dréachtchomhad Iarratais

Tá an tÚdarás Inniúil sásta casadh ar thionscnóir an tionscadail sula gcuirtear an dréachtchomhad iarratais isteach chun aon ábhar nóis imeachta atá fós amuigh a shoiléiriú.

Ba chóir gach dréacht-iarratais a chuirfear isteach chuig na húdaráis ábhartha éagsúla a bheith san aíreamh sa dréachtchomhad iarratais a chuirtear isteach chuig an Údarás Áitiúil. Ba chóir do na dréacht-iarratais seo a bheith chomh hiomlán agus is féidir. Ba chóir aon rud atá ar iarraidh nó tuarascáil, suirbhé nó measúnú neamhiomlán a aithint i litir chlúdaigh agus laistigh den tuarascáil, suirbhé nó measúnú, leis an scrúdú a éascú. Ba chóir aon táille nó éarlais is gá a thaisceadh le haon cheann de na hiarratais a bheith luaite chun críocha scrúdaithe, cé nár chóir an táille nó an éarlais féin a chur isteach. Tá táillí den sórt sin iníoctha go díreach leis na húdaráis ábhartha Níl aon táille iníoctha leis an Údarás Inniúil maidir le Tionscadal Leasa Choitinn.

Ba chóir an dréachtchomhad iarratais a chur isteach i bhfoirm cóip chrua amháin agus mórchuid cóipeanna leictreonacha. Cuirfear tionscnóir an tionscadail ar an eolas faoin líon cruinn cóipeanna leictreonacha is gá ar bhonn cáis, ag brath ar líon na n-údarás i dtrácht. Ba chóir é a bheith lipéadaithe/taispeáinte go soiléir ar an dréachtchomhad iarratais leis cad iad na páirteanna atá bainteach le gach údarás faoi seach. Is féidir go mbeadh doiciméid áirithe, ráiteas tionchair timpeallachta, mar shampla, le cur ar fáil d'údaráis éagsúla, agus ba chóir iad sin a aithint. Ba chóir ainm teagmhálaí óna bhféadfaí tuilleadh cóipeanna crua (más gá) a fháil, a thabhairt sa litir chumhdaigh.

Tar éis na doiciméid a fháil, scaipfidh an tÚdarás Inniúil cóip leictreonach den dréachtchomhad iarratais iomlán ar gach ceann de na húdaráis ábhartha. Cuir san áireamh nach ndéanfaidh an tÚdarás Inniúil féin aon scrúdú mó measúnú ar an dréachtchomhad iarratais ná ní sheiceálfaimid cibé an bhfuil gach doiciméad iarrtha istigh ann. Is iad na húdaráis ábhartha a dhéanfaidh é sin, ag féachaint dá bhfreagrachtaí reachtúla.

Faoi gach údarás ábhartha a bheidh sé na doiciméid a fhaightear a scrúdú agus freagairt don Údarás Inniúil agus comhairle a chur air maidir le cibé an bhfuil aon fhaisnéis ar iarraidh. Ba chóir an tuiscint atá luaite in airteagal 10.4(c) den Rialachán a bhaint as faisnéis ar iarraidh sa chomhthéacs seo.

Mura bhfuil aon fhaisnéis ar iarraidh, cuirfidh an tÚdarás Inniúil é sin in iúil don iarratasóir ionchasach agus déarfar go bhfuiltear ag glacadh leis an dréachtchomhad iarratais mar chomhad iarratais le héifeacht ó dháta na litreach uainn. Cuirfidh sé sin deireadh leis an nós imeachta réamhiarratais.

I gcás go n-aithnítear go bhfuil faisnéis ar iarraidh, is faoin iarratasóir ionchasach a bheidh sé díriú ar na nithe a tarraingíodh anuas agus an fhaisnéis atá ar iarraidh a sholáthar. Ní chuirfimid aon teorainn ama leis seo. Ba chóir d'iarratasóirí ionchasacha a bheith ar an eolas, mar sin féin, maidir leis na teorainneacha ama foriomlána atá i bhfeidhm agus gur féidir go mbeidh ar an Údarás Inniúil forálacha Airteagal 10.2 den Rialachán a agairt agus fad a chur leis an teorainn ama. Déanfar aon fhadú ar theorainn ama a mheasúnú ar bhonn cáis.

Nuair a chuireann an t-iarratasóir ionchasach an fhaisnéis atá ar iarraidh ar fáil, scaipfear an fhaisnéis ar na húdaráis ábhartha lena measúnú. Is féidir nach dtabharfar ach an t-aon chóip amháin do na húdaráis eile i dtrácht. Ba chóir go gcuirfí an fhaisnéis atá ar iarraidh ar fáil san fhormáid chéanna ó thaobh cóipeanna crua agus leictreonacha agus ab amhlaidh i gcás an dréachtchomhaid iarratais san iarratas bunaidh.

Ar mhaith le soiléire, i gcás inar gá faisnéis a bhí ar iarraidh a sholáthar, agus go gcuirtear an fhaisnéis sin ar fail, iarrfar ar an iarratasóir ionchasach cóip de na doiciméid ar fad a chur isteach ina mbeidh na doiciméid a cuireadh isteach mar an dréachtchomhad iarratais bunaidh mar aon leis an bhfaisnéis a bhí ar iarraidh agus admhófar é mar aon chomhad iarratais amháin.

I bhfianaise go bhféadfadh tréimhse ama a bheith gafa thart ó cuireadh an dréachtchomhad iarratais bunaidh isteach, is féidir go nglacfar le haon athruithe nó leasuithe, murar athruithe nó leasuithe ábhartha iad, má bhíonn na hathruithe mionsonraithe i litir chumhdaigh.

Chun amhras a sheachaint, glactar leis go bhféadfadh faisnéis nuashonraithe nó tuarascálacha, suirbhéanna agus measúnaithe críochnaithe, a aithníodh roimhe sin, a bheith in iarratais a dhéantar dá éis do na húdaráis ábhartha.

4.2.4 Sceideal Mionsonraithe an Phróisis Deonaithe Ceada

Dréachtóidh an tÚdarás Inniúil sceideal mionsonraithe don phróiseas deonaithe ceada. Dréachtófar an sceideal i ndlúthchomhar le tionscnóir an tionscadail agus leis na húdaráis eile i dtrácht. Ba chóir a chur san áireamh nár mhór aon nósanna imeachta deonaithe phróisis achomhairc atá cuimsithe sna nósanna imeachta deonaithe cead na n-údarás éagsúil. D'áireofaí air seo, mar shampla, aon achomharc in aghaidh cinneadh a rinne Údarás Rialaithe Tógala atá ceadaithe faoi na hAchtanna um Rialú Tógála. Ní áireofaí dúshláin dlí air, áfach. Leagtar amach in Aguisín VI(2) den Rialachán na treoirlínte don sceideal. Is na híos-treoirlínte atá riachtanach:

(a) na cinntí agus na tuairimí a bheidh le fáil;
(b) na húdaráis, na geallsealbhóirí agus an pobal i dócha a ndéanfar difear dóibh;
(c) céimeanna aonair an nóis imeachta agus a bhfad tréimhse;
(d) na clochmhílte mór a bheidh le sroicheadh agus a spriocdhátaí i bhfianaise an chinnidh chuimsithigh a bheas le déanamh;
(e) na húdaráis atá beartaithe ag na húdaráis agus acmhainní breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.

Measann an tÚdarás Inniúil go gcasfaidh sé ar thionscnóir an tionscadail maidir leis an Sceideal. Is dócha go ndéanfar teagmháil leis na húdaráis eile i dtrácht i bhfoirm glao gutháin agus/nó ríomhphoist. Meastar gurb é seo an tslí is éifeachtaí le déileáil le tabhairt chun críche an Sceidil i ngeall ar an shrianta ar an láthair fhisiciúil agus ar fhreastal na foirne ábhartha.

Tá sreabhchairt do nós imeachta réamhiarratais ceangailte leis seo.

An Próiseas um Deonú Ceada do Thionscadail Leasa Choitinn Foramharc ar an Nós Imeachta Réamhiarratais



1. Áirítear ar an bhfógra breac-chuntas réasúnta mionsonraithe den tionscadal.
2. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) thar cean na n-údarás eile i dtrácht.
3. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile i dtrácht, agus i gcás inar cuí, ar bhonn thogra de chuid thionscnóir an tionscadail.
4. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) i ndlúthchomhar le tionscnóir an tionscadail agus leis na húdaráis eile i dtrácht.

Nótaí:

Áirítear ar an nós imeachta seo aon tuairiscí comhshaoil atá le hullmhú ag tionscnóir an tionscadail.

Cuirfear coincheap rannpháirtíochta pobail isteach laistigh den tréimhse tháscach 3 mhí ó thús phróiseas an deonaithe ceada.

Sula gcuirtear an dréachtchomhad iarratais, ní mór dul i mbun comhairliúcháin phoiblí: féach na híosriachtanais in Aguisín VI (5) de Rialachán 347/2013.

4.3 An Nós Imeachta Reachtach maidir le Deonú Ceada

Clúdaíonn an nós imeachta reachtúil deonaithe ceada an tréimhse ó dháta ghlacadh an dréachtchomhaid iarratais go dtí dáta an chinnidh chuimsithigh. Foráiltear in Airteagal 10.1(b) den Rialachán nach sáróidh an tréimhse bliain amháin agus sé mhí. Cé nár cheart go sáródh fad an dá nós imeachta i dteannta a chéile tréimhse trí mhí agus sé mhí, foráiltear sa Rialachán gur féidir leis an tÚdarás Inniúil, i gcás ina measann sé nach dtabharfar ceann amháin nó an dá nós imeachta (nós imeachta réamhiarratais agus nósanna imeachta reachtúil deonaithe ceada) chun críche laistigh den tréimhse shocraithe, cinneadh a dhéanamh roimh éag na tréimhse agus ar bhonn cáis naoi mí ar a mhéad de shíneadh a cur le ceann amháin nó an dá cheann de na teorainneacha seo i gcás an dá nós imeachta i dteannta a chéile.

Breithneoidh gach údarás faoi seach na hiarratais ar thoiliú atá riachtanach do thionscadal TLC a bhaineann lena fheidhmeanna reachtúla féin. I gcás ina ndiúltaíonn údarás atá freagrach as toiliú ar leith atá riachtanach don chinneadh cuimsitheach an toiliú sin a eisiúint, beidh sé de thoradh air nach n-eiseofar an cinneadh cuimsitheach.

Agus iarratas ar bith á measúnú, beidh dlínse iomlán ag na húdaráis agus féachfaidh siad do gach ceist phleanála, chomhshaoil, sláinte an duine agus sábháilteachta agus gnóthaí agus oibleagáidí ábhartha eile a bheadh ina ngnáthchuid dá bhfreagracht reachtúil agus measúnú ar thionscadail. Áireofar air sin iad siúd a eascraíonn as forálacha an Mheasúnaithe Tionchair Timpeallachta, agus na dTreoracha maidir le Gnáthóga (agus Éin) agus an Creat-Treoir Uisce. Féachfaidh an tÚdarás Inniúil, leis, d'fhorálacha Airteagail 8(5) agus 10(4) den Rialachán agus féachfar, áit is féidir, le soláthar a dhéanamh do chomh-nósanna imeachta le Ballstáit eile maidir le measúnú na dtionchar timpeallachta. Dírítear aird thionscnóirí tionscadal ar an doiciméad treorach "Streamlining environmental procedures for energy infrastructure Projects of Common Interest (PCIs)" a d'fhoilsigh an gCoimisiún Eorpach, Comhshaoil agus Fuinnimh in Iúil 2013. Gheofar nasc chuig an doiciméad anseo.

Ní mór do thionscnóirí tionscadal a chur san áireamh gur ról monatóireachta ar thréimhsí ama a bheidh i ról an Údaráis Inniúil, go príomha, tar éis tús an nóis imeachta reachtúil um dheonú ceada. Rachaidh an tÚdarás Inniúil i dteagmháil leis na húdaráis ábhartha chun nuashonruithe ar dhul chun cinn a lorg agus le fáil amach cibé an dócha go gcloífear leis na tréimhsí ama. Chun an próiseas seo a éascú, iarrtar ar thionscnóirí tionscadal an tÚdarás Inniúil a choimeád ar an eolas i dtaobh aon athrú nó moill ar an tionscadal ionas go mbeidh éifeacht leis an monatóireacht.

Ní mheastar de ghnáth go mbeidh gá le cruinniú le tionscnóirí tionscadal ag an gcéim seo den phróiseas.

Tá sreabhchairt don nós imeachta réamhiarratais ceangailte leis seo.

An Próiseas um Deonú Ceada do Thionscadail Leasa Choitinn Foramharc ar an Nós Imeachta Réamhiarratais



1. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) thar ceann na n-údarás eile i dtrácht. Comhad iarratais le cur isteach in éineacht le tuarascáil arna hullmhú ag tionscnóir an tionscadail ina n-achoimrítear torthaí na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail.

2.“Streamlining environmental procedures for energy infrastructure Projects of Common Interest (PCIs)” a d’fhoilsigh an gCoimisiún Eorpach, Comhshaoil agus Fuinnimh in Iúil 2013.

3. Aird chuí a thabhairt ar thorthaí Thuarascáil Airteagal 9.4 sa chinneadh cuimsitheach.

4.4 TLC agus Comhéadan an Bhonneagair Straitéisigh

I gcás inar forbairt é an TLC atá sonraithe sa Seachtú Sceideal den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe), nó inar forbairt é a thagann faoi threoir alt 182A nó alt 182C den Acht, ní mór do thionscnóir an tionscadail dul isteach i gcomhairliúchán réamhiarratais ar leith leis an mBord Pleanála, le fáil amach an gcáilíonn an fhorbairt bheartaithe mar bhonneagar straitéiseach.

Rithfear an nós imeachta réamhiarratais TLC agus an comhairliúchán réamhiarratais maidir le forbairt bonneagair straitéisigh mar mhíreanna ar leithligh. Ba chóir do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas gur gá taifead a choimeád de na cruinnithe sa phróiseas forbartha bonneagair straitéisigh agus na taifid sin a chur ar fáil don phobal ag deireadh an phróisis. Ba chóir do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas faoi seo sula gcuirtear ábhar ar bith a mheasann siad atá íogair ó thaobh na tráchtála de faoi bhráid an Bhoird Phleanála ag na cruinnithe sin.

De bhrí go rithfear cruinnithe faoin dá phróiseas mar mhíreanna ar leithligh, déanfaidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) gach iarracht a chruinnithe ar leithligh a sceidealú sa tslí a oirfidh do thionscnóirí tionscadail ó thaobh ama agus taistil.

Beidh na doiciméid phoiblí seo a leanas ina gcabhair chun tuiscint a fháil ar phróiseas na Forbartha Bonneagair Straitéisigh agus ar rap sa phróiseas sin a thuiscint.

- Faisnéis ar an Acht um Bonneagar Straitéiseach – Sreabhchairt
- Táillí Bonneagair Straitéisigh: Treoir maidir leis an Táillí is Iníoctha
- Treoir maidir le Rannpháirtíocht an Phobail
- Treoirlínte d'Údaráis Phleanála
- Forbairt Bonneagair Straitéisigh 7ú Sceideal, Treoirlínte d'Iarratasóirí.
- Treoirlínte maidir le Tarchur Leictreachais
- Forbairt Bonneagair Straitéisigh - Foirm Iarratais

Gheofar tuilleadh faisnéise ar an m Bord Pleanála agus ar Bhonneagar Straitéiseach ar www.pleanala.ie

4.5 An Cinneadh Cuimsitheach

I gcás inar gá cead/ceadú an Bhoird Phleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, leasaithe, a fháil do thionscadal, eiseoidh an Bord Pleanála ordú sínithe /séalaithe ón mBord. Eiseoidh aon údarás eile i dtrácht a chinneadh, leis.

Is é an cinneadh cuimsitheach an cinneadh nó an tsraith cinntí a dhéanann údaráis éagsúla (m.sh. An Bord Pleanála, an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil nó an tÚdarás um Shláinte agus Sábháilteacht) mar is gá ar mhaithe leis an tionscadal a chur i gcrích. Foráiltear sa Rialachán ag Airteagal 9.4 go gcuirfear san áireamh go cuí torthaí na tuarascála a d'ullmhaigh tionscnóir an tionscadail inar achoimríodh torthaí na ngníomhaíochtaí a bhain le rannpháirtíocht pobail agus an cinneadh cuimsitheach á dhéanamh.

Má dhiúltaíonn aon údarás ábhartha ceadú ansin ní eisítear an cinneadh cuimsitheach beag beann ar chinneadh na n-údarás eil chun cead/ceadú a dheonú.

5. An Phríomhreachtaíocht Ábhartha Deonaithe Ceada

5.1 Pleanáil Spásúil

An bealach is dóchúla ina ndéanfar cead pleanála spásúil a thabhairt do Thionscadail Leasa Choitinn ná go dtaiscfear iarratais phleanála leis an mBord Pleanála faoi fhorálacha a tugadh isteach leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006.

Ceann de na chéad bhearta a dhéanfaidh tionscnóir tionscadail ar bith sonraí an tionscadail a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (FBS) ag iarraidh cinnidh cibé an bhféachfar ar an tionscadal mar thionscadal bonneagair straitéisigh. Má mheastar an tionscadal a bheith ina thionscadal bonneagair straitéisigh, ní mór an t-iarratas pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (FBS). Má mheastar nach tionscadal bonneagair straitéisigh é ní mór an t-iarratas pleanála a chur faoi bhráid an údaráis phleanála áitiúil.

Is é an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe), an dúshraith le pleanáil spásúil in Éirinn. Clúdaíonn an tAcht raon leathan ábhar, lena n-áirítear:

- An próiseas trína ndéantar iarratas agus trína bhfaightear cead pleanála.
- Measúnú Tionchair Timpeallachta (agus ráiteas tionchair timpeallachta).
- Measúnú Cuí (agus ráiteas tionchair Natura)

Rinneadh roinnt athruithe ar an acht ó 2000 i leith agus is fusa na hathruithe seo a fháil sa chomhdhlúthú neamhoifigiúil atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Is iad na Rialacháin Rialtas Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2001 (I.R. Uimh. 600 de 2001) na príomhrialacháin atá ina mbonn faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt. Rinneadh roinnt rialachán lenar leasaíodh Rialacháin 2001, agus tugtar na Rialacháin Pleanála agus Forbartha, 2001 go 2015 orthu i dteannta a chéile.

Ullmhaíodh comhdhlúthú neamhoifigúil riaracháin (revisedacts.lawreform.ie/revacts/intro) de na Rialacháin seo mar áis thagartha d'úsáideoirí ach níl aon stádas dlí aige.

5.2 Measúnú Tionchair Timpeallachta

- Pleanáil Spásúil – An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe) agus Rialacháin Pleanála 2001 (leasaithe).
- Ceadúnas na Treorach Astaíochtaí Tionsclaíche – Acht GCC arna leasú ag Rialacháin um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú ón gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Comhshaoil) 2012 (I.R. Uimh. 782 de 2012).
- Ceadúnas Dramhaíola – An tAcht um Bainistíocht Dramhaíola, arna leasú ag Rialacháin Dramhaíola ón gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Comhshaoil) 2013 (I.R. Uimh. 505 de 2013).
- Ceadúnas/léas imeall thrá – An tAcht um Imeall Trá 1933 (arna leasú ag Rialacháin (Imeall Trá) ó na Comhphobail Eorpacha (I.R. Uimh. 404 de 2009); Rialacháin ón Aontas Eorpach (Measúnú Tionchar Timpeallachta) 2012 (I.R. Uimh. 433 de 2012) agus Rialacháin (Imeall Trá) ón Aontas Eorpach (Measúnú Tionchar Timpeallachta) 2014 (I.R. Uimh. 544 de 2012).
- Bonneagar gáis, más féidir; An tAcht Gáis 1976 (leasaithe ag Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchar Timpeallachta) 1989 (I.R. Uimh 349 de 1989 agus Rialacháin Gáis (Measúnú Tionchar Timpeallachta) ón gComhphobal Eorpach 2012 (I.R. Uimh. 403 de 2012).

5.3 Measúnú Cuí

Is ó Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) a thagann na riachtanais maidir le Measúnú Cuí.

Le tabhairt isteach an Treoir maidir le hÉin 1979 agus an Treoir maidir le Gnáthóga i 1992 tháinig an oibleagáid líonra láithreán Natura 2000 den tábhacht is airde bithéagsúlachta i gcás gnáthóga agus speicis faoi bhagairt ar fud an Aontais Eorpaigh. In Éirínn tá líonra na láithreán Eorpach Natura 2000 comhdhéanta de Shainlimistéir Caomhantais (SACanna, lena n-áirítear SACanna is iarrthóirí), agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna, lena n-áirítear SPAnna molta). Roghnaítear SACnna ar mhaithe le caomhnú gnáthóga Aguisín I (lena n-áirítear cineálacha tosaíochta atá i mbaol a ndíothaithe) agus speicis Aguisín II (seachas éin). Roghnaítear SPAnna chun éin Aguisín I agus éin a théann ar imirce go rialta agus a ngnáthóga a chosaint. Comhfhreagraíonn na gnáthóga agus na speicis ar roghnaíodh gach láithreán ar a son le spéiseanna cáilitheacha na láithreán; uathu siúd a dhíorthaítear cuspóirí caomhantais an láithreáin.

Leagtar amach sna Treoracha maidir le hÉiin agus Gnáthóga nósanna imeachta agus oibleagáidí éagsúla maidir le bainistíocht chaomhnú an dúlra sna Ballstáit i gcoitinne, agus bainistíocht láithreáin Natura 2000 agus a ngnáthóga agus speicis go háirithe. Príomh-mheicníocht cosanta is ea an riachtanas breithniú ar na himpleachtaí do chaomhnú an dúlra a d'fhéadfadh a bheith ag aon phlean nó tionscadal ar líonra na láithreán Natura 2000 sula ndéantar cinneadh ar bith chun ligean don phlean nó don tionscadal sin dul ar aghaidh. Ní mór a chur san áireamh i ngach plean nó tionscadal, agus é á mheas lena cheadú ag céim ar bith, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige i gcumas le pleananna agus tionscadail eile agus é ag dul faoi bpróiseas ar a dtugtar Measúnú Cuí.

Gheofar na príomhriachtanais reachtacha i gCuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe) agus in airteagail 236 go 254 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (leasaithe). Ba chóir féachaint le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 go 2015.

5.4 Uisce

Trasuíodh an Creat-Treoir Uisce sa dlí Éireannach trí bhíthin na bpríomhrialacháin seo a leanas: Clúdaíonn na Rialacháin seo rialachas, cruth an Chreat-Treoir Uisce, monatóireacht agus cláir measúnaithe stádais ó thaobh freagrachtaí a shannadh as monatóireacht a dhéanamh ar chatagóirí éagsúla uisce, ag cinneadh na n-eilimintí cáilíochta agus ag tabhairt faoi mheasúnuithe ar thréithriú agus ar aicmiú.

- Rialacháin (Beartas Uisce) ón gComhphobal Eorpach 2003 (I.R. Uimh. 722 de 2003) leasaithe.
- Rialacháin (Uisce Óil) ón gComhphobal Eorpach 2014 (I.R. Uimh. 122 de 2014) leasaithe.
- Rialacháin Sprice Comhshaoil (Uiscí Dromchla) ón gComhphobal Eorpach 2009 (I.R. Uimh. 272 de 2009).
- Rialacháin Sprice Comhshaoil (Screamhuisce) ón gComhphobal Eorpach 2010 (I.R. Uimh. 9 de 2010) leasaithe.
- Rialacháin (Dea-Chleachtas Talmhaíochta um Chosaint Uiscí) ón gComhphobal Eorpach 2010 (I.R. Uimh. 610 de 2010).
- Rialacháin (Sonraíochtaí Teicniúla maidir le hAnailís Cheimiceach agus Monatóireacht ar Stádas Uisce) ón gComhphobal Eorpach, 2011 (I.R. Uimh. 489 de 2011).
- Rialacháin (Beartas Uisce) ón Aontas Eorpach 2014 (I.R. Uimh. 350 de 2014) leasaithe.
- Tá Rialacháin (Astaíochtaí Tionsclaíocha) ón Aontas Eorpach 2013 (I.R. Uimh. 138 de 2013) ábhartha, leis,

Maidir leis an Measúnú Tionchair Timpeallachta:

- Pleanáil Spásúil – An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe) agus Rialacháin Pleanála 2001 (leasaithe).
- Ceadúnas na Treorach Astaíochtaí Tionsclaíche – Acht GCC arna leasú ag Rialacháin um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú ón gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Comhshaoil) 2012 (I.R. Uimh. 782 de 2012).
- Ceadúnas Dramhaíola – An tAcht um Bainistíocht Dramhaíola, arna leasú ag Rialacháin Dramhaíola ón gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Comhshaoil) 2013 (I.R. Uimh. 505 de 2013).
- Ceadúnas/léas imeall thrá – An tAcht um Imeall Trá 1933 (arna leasú ag Rialacháin (Imeall Trá) ó na Comhphobail Eorpacha (I.R. Uimh. 404 de 2009); Rialacháin ón Aontas Eorpach (Measúnú Tionchar Timpeallachta) 2012 (I.R. Uimh. 433 de 2012) agus Rialacháin (Imeall Trá) ón Aontas Eorpach (Measúnú Tionchar Timpeallachta) 2014 (I.R. Uimh. 544 de 2012).
- Bonneagar gáis, más féidir; An tAcht Gáis 1976 (leasaithe ag Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchar Timpeallachta) 1989 (I.R. Uimh 349 de 1989 agus Rialacháin Gáis (Measúnú Tionchair Timpeallachta) ón gComhphobal Eorpach 2012 (I.R. Uimh. 403 de 2012).

Gheofar sonraí na reachtaíochta pleanála ábhartha anseo.

Gheofar sonraí na reachtaíochta (náisiúnta agus Aontas Eorpach) maidir le tionscadail fuinnimh anseo.

5.5 Toiliú Ionaid

Cineál ceada siarghabhálaigh is ea Toiliú Ionaid nach dtugtar ach amháin i gcásanna eisceachtúla i gcás forbartha ina dteastaíonn measúnú tionchair timpeallachta, cinneadh maidir le cibé an bhfuil gá le measúnú tionchair timpeallachta nó Measúnú Cuí.

5.6 Ceadúnais Gás Nádúrtha

Ceadúnaíonn an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) gníomhaíochtaí gáis faoi alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002. Áirítear ar an Acht córais dáileacháin agus tarchuradóireachta; saoráidí stórála faoi thalamh agus saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe (LNG). Deonaíonn an CER ceadúnais, leis, do sheoladh agus do sholáthar gáis nádúrtha.

Mar a fhoráiltear in alt 16.1 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), ag brath ar an gceadúnas iarrtha, féadfaidh an CER téarmaí agus coinníollacha a cheangal le gach ceadúnas. De ghnáth, ní mór d'iarratasóirí roinnt coinníollacha dlí, teicniúla, sábháilteachta agus rialála a chomhlíonadh sula n-eisíonn an CER ceadúnas.

Ní monaplachtaí iad faoi dhlí na hÉireann na feidhmeanna tarchuradóireachta agus dáileacháin gáis agus mar sin is faoi úinéirí bonneagair gháis atá sé iarratas a dhéanamh chuig an CER ar cheadúnas tarchuradóireachta nó dáileacháin. Ba chóir d'iarratasóirí féideartha ar cheadúnas gáis nádúrtha teagmháil a dhéanamh leis an CER go díreach chun riachtanais shonracha an cheadúnais atá á lorg a phlé.

5.7 Toilithe do Phíblínte Gáis

Foráiltear in Alt 39A d'Acht Gáis 1976, leasaithe, nach ceadmhach, gan toiliú an CER, píblíne, seachas píblíne in aghaidh srutha, a thógáil ar, thar nó faoi dhromchla talún nó ghrinneall na farraige atá suite i bhfarraigí críche an Stáit. Beidh toiliú píblíne alt 39A de dhíth i gcás aon tionscadail leasa choitinn ar a n-áirítear píblíne a thógáil. Má thrasnaíonn píblíne nó saoráid ghaolmhar tailte tríú páirtí, féadfaidh an CER ordú ceannaigh éigeantaigh a eisiúint faoi alt 32A den Acht Gáis (leasaithe).

Anuas air sin, féadfaidh ceadúnas imeall thrá a bheith riachtanach i gcás píblíne gáis a thrasnaíonn an t-imeall trá. Is é an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil a eisíonn an ceadúnas sin faoin Acht Urthrá 1933 (leasaithe).

5.8 Píblínte Gáis (Le sruth)

Tá an CER freagrach as toiliú a eisiúint chun píblíne gáis le sruth a thógáil agus a oibriú, faoi alt 39A den Acht Gáis 1976 (leasaithe ag alt 12 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 faoi réir critéir áirithe, mar atá leagtha amach faoi alt 12(3) agus 12(4) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002. Foráiltear in Alt 40A den Acht Gáis, 1976, arna leasú le halt 12(1) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 nach mór ráiteas tionchair timpeallachta a chur isteach in éineacht le haon iarratas ar phíblíne le sruth a thógáil.

Faoi alt 26(1A) den Acht Gáis 1976, mar atá ionsáite le halt 23(1) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, ní mór deimhniú bona fides, eisithe ag an CER maidir leis an iarratasóir, a bheith ag gabháil le haon iarratas ar phíblíne gáis le sruth a thógáil.

Anuas air sin, féadfaidh ceadúnas imeall thrá a bheith riachtanach i gcás píblíne gáis a thrasnaíonn an t-imeall trá. Is é an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil a eisíonn an ceadúnas sin faoin Acht Urthrá 1933 (leasaithe).

5.9 Giniúint agus Tarchur Leictreachais

Tionscadail leasa choitinn a bhfuil giniúint leictreachais i gceist iontu, teastóidh ceadúnas chun leictreachas a ghiniúint uathu, mar aon le húdarú chun stáisiún giniúna a thógáil, faoi ailt 14 agus 16 den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999. Gheofar doiciméid ábhartha CER maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnú i dtaca le tógáil stáisiún giniúna agus ceadúnú na giniúna ar fáil.

I láthair na huaire is é EirGrid plc an t-aon chomhlacht atá ceadúnaithe chun línte tarchuradóireachta leictreachais a thógáil nó a oibriú in Éirinn. Ní mór do thionscadail leasa choitinn, seachas EirGrid, a bhfuil tógáil nó oibriú línte tarchuradóireachta i gceist iontu, teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an CER chun an cheist a phlé.

5.10 Idirnascaire Leictreachais agus Stáisiúin Ghiniúna

Faoi alt 16 leasaithe den Acht Leictreachais 1999 (3) (b) faoi réir alt 17, féadfaidh an CER údarú a dheonú nó a dhiúltú don dhuine ar bith chun stáisiún giniúna nó idirnascaire a thógáil, agus i gcás ina ndeonaíonn an CER údarú den sórt sin, beidh an t-údarú sin faoi réir aon téarmaí agus coinníollacha a shonrófar san údarú.

Anuas air sin, faoi alt 16A, féadfaidh an CER, le toiliú an Aire, idirnascaire nó idirnascairí a chur á dtógáil ar cheann amháin nó níos mó de na bealaí seo a leanas:

(a) tairiscint iomaíoch;

(b) údarú a dheonaítear do dhuine gach tairiscint iomaíoch roimhe sin ina léiríonn an duine, chun sástacht an CER, gur chun sochair fadtéarmaigh na gcustaiméirí deiridh údarú a dheonú, faoi réir na gcoinníollacha a mheasann an CER a bheith riachtanach agus cuí; nó

(c) iarraidh ar an oibreoir córais tarchuradóireachta soláthar a dhéanamh le haghaidh tógáil idirnascaire ina phlean forbartha.

Seo a leanas naisc chuig an reachtaíocht thuas:

An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999

Na hAchtanna Urthrá 1933 – 2005

An tAcht Gáis 1976

An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002

Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) rialálaí neamhspleách fuinnimh na hÉireann, agus clúdaíonn sé raon feidhmeanna eacnamaíocha agus sábháilteachta. Gheofar naisc chuig faisnéis maidir le ról rialála an CER maidir le giniúint leictreachais agus gás [rialacháin sábháilteachta maidir le taiscéaladh agus eastóscadh peitriliam in aghaidh an tsruth (amach ón gcósta agus ar talamh)].

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an tÚdarás Inniúil maidir le rialú mórghuaiseanna timpiste (COMAH). Is féidir go mbeidh sé seo ábhartha maidir le tionscadail áirithe bonneagair fuinnimh m.sh. saoráidí stórála ola agus gáis nó forbairtí bonneagair fuinnimh i bhfoisceacht bunáiteanna COMAH atá ann cheana. Gheofar faisnéis fúthu anseo.

Gheofar faisnéis ar cheadúnú agus ceadanna comhshaoil anseo.

Is é an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá freagrach as feidhmeanna léasaithe / ceadúnaithe imeall thrá. Is éard san imeall trá an limistéar ón líne bharr láin amach go dtí 12 mhuirmhíle. Le roinnt eisceachtaí, is é an Stát úinéir an imill thrá. Duine ar mian leis nó léi forbairt a dhéanamh ar an imeall trá, ní mór dó nó di, mar sin, léas nó ceadúnas a fháil ón Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Acht Urthrá 1933.

Gheofar faisnéis ar ghiniúint leictreachais agus ar cheadúnú tarchuradóireachta anseo.

Gheofar faisnéis ar thoiliú do phíblínte agus ceadúnú bonneagair gáis eile anseo.

5.11 Astaíochtaí Tionsclaíocha agus Ceadúnú Comhtháite um Rialú Truailliú

Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011).

Is éard a chiallaíonn gníomhaíocht treorach astaíochtaí tionsclaíoch próiseas, forbairt nó oibriú a shonraítear sa reachtaíocht a mhéad a dhéantar an próiseas, an fhorbairt nó an t-oibriú i suiteáil atá bainteach nó ceangailte le gníomhaíocht éigin eile ar gníomhaíocht treorach astaíochtaí tionsclaíoch é agus a ndéantar é i suiteáil.

5.11.1 Reachtaíocht maidir le Ceadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Leasú) 2015
I.R. Uimh. 355 de 2015

Rialacháin ón nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (Astaíochtaí Tionsclaíocha) (Ceadúnú) 2013 I.R. 137 de 2013

Rialacháin (Astaíochtaí Tionsclaíocha) ón Aontas Eorpach 2013 (I.R. Uimh. 138 de 2013).

Rialacháin on nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (Táillí Ceadúnúcháin) 2013 (I.R. Uimh. 284 de 2013).

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pleananna um Loisceadh Dramhaíola agus Gléasraí Comh-loiscthe Dramhaíola) 2013 I.R. Uimh. 148 de 2013

Rialacháin (Beartas Uisce) ón Aontas Eorpach 2012 (I.R. Uimh. 566 de 2012) leasaithe.

Rialacháin AE (Measúnú Tionchair Timpeallachta) (IPPC) 2012 I.R. Uimh. 282 de 2012

Rialacháin AE (Measúnú Tionchair Timpeallachta) (IPPC) (Uimh.2) 2012 I.R. Uimh. 457 de 2012

Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí lena n-úsáidtear Tuaslagóirí Orgánacha) 2012 (I.R. Uimh. 565 de 2012).

Treoir um Astaíochtaí Tionsclaíocha 2010/75/AE.

5.11.2 Aidhm an Cheadúnaithe TLC

Féachtar le ceadúnais TLC le hastaíochtaí isteach san aer, san uisce agus ar an talamh a chosc nó a laghdú agus fuinneamh/acmhainní a úsáid go héifeachtach. Ceadúnas amháin comhtháite is ea an Ceadúnas TLC a chlúdaíonn gach astaíochtaí ón tsaoráid agus a bhainistíocht chomhshaoil. Tá na riachtanais reachtacha chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas TLC leagtha amach, a bheag nó a mhór, sna Rialacháin ón nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (Rialú Comhtháite Truaillithe) (Ceadúnú) 2013 (I.R. Uimh. 283 de 2013).

Sula ndeonaítear ceadúnas, ní mór do thionscnóir tionscadail an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil a shásamh nach mbeidh tionchar diúltach suntasacht ar an gcomhshaol ag astaíochtaí ón ngníomhaíocht.

Rialaítear leis an gceadúnas seo gach oibríocht ghaolmhar a chuireann sealbhóir an cheadúnais i gcrích i dtaca leis an ngníomhaíocht.

5.11.3 Ceadúnú Comhtháite ar Rialú Truaillithe (TLC)

Tá gníomhaíochtaí áirithe á gceadúnú ag an GCC ó bhí 1994 ann. Is é an tAcht fán nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil 1992 (leasaithe) a rialaíonn ceadúnú Tionscadal Leasa Choitinn.

Tá nósanna imeachta mionsonraithe maidir leis an bpróiseas ceadúnaithe do thionscadail leasa choitinn, leagtha amach san Acht GCC, 1992 (leasaithe), agus sna rialacháin gaolmhara ceadúnaithe.

5.12 Gníomhaíochtaí a dteastaíonn Toiliú maidir leo agus an Treoir maidir le Gnáthóga

D'fhonn láithreáin Eorpacha (SACanna) a chosaint, is gá toiliú an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta do ghníomhaíochtaí áirithe, ar a dtugtar Gníomhaíochtaí dá dTeastaíonn Toiliú) a d'fhéadfadh damáiste nó cur isteach a dhéanamh ar éiceolaíocht láithreán muirí. Is iad na gníomhaíochtaí dá dteastaíonn toiliú maidir leis na SACanna seo ná:

- Pléascadh, druileáil, dreidireacht nó iontaisí, carraig, mianraí, láib, gaineamh, gairbhéal nó dríodar eile a bhaint nó cur isteach orthu.
- Dul i mbun taighde eolaíoch a bhfuil bailiú agus baint ábhar bitheolaíoch mar chuid de.

Cé go bhféadfadh na gníomhaíochtaí seo a bheith incheadaithe i gcásanna áirithe, is riachtanas é faoi na Rialacháin toiliú an Aire a fháil roimh thús na hoibreacha. Is cion é na gníomhaíochtaí seo a chur i gcrích gach an toiliú riachtanach. I bhfírinne, ba chóir toiliú den sórt sin a iarraidh ar an gcéad dul síos ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Mar sin féin, ní gá toiliú an Aire a fháil má tá an ghníomhaíocht ceadúnaithe nó faoi réir chead ó údarás poiblí eile.

6. Na Mór-gheallsealbhóirí

Braithfidh na mór-gheallsealbhóirí ar an tionscadal aonair leasa choitinn (leictreachas, ola, gás srl.) agus ar an láithreán/na láithreáin atá i gceist.

Beidh údarás áitiúil an cheantair ina bhfuil an tionscadal ina mhór-gheallsealbhóir i dtionscadal leasa choitinn. I gcás tionscadal líneach (m.sh. línte leictreachais) is dóichí go mbeidh níos mó ná údarás áitiúil amháin i gceist.

Beidh na heagraíochtaí atá forordaithe faoi mhíreanna éagsúla reachtaíochta ina mór-gheallsealbhóirí eile. I gcoitinne, ní mór dul i gcomhairle leis na heagraíochtaí forordaithe seo nuair a thaisctear iarratas. Ag brath ar an tionscadal agus a shuíomh, beidh an-tábhacht le tuairimí roinnt de na heagraíochtaí seo i dtaca le toradh an tionscadail. Ba chóir dul i gcomhairle le heagraíochtaí den sórt sin sula dtugtar sonraí an tionscadail chun críche. Mar shampla, i gcás ina mbeadh tionchar suntasach ag tionscadal ar láithreán Eorpach (SAC nó SPA) ba chóir dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra a luaithe is féidir sula roghnaítear aon suíomh nó bealach taistil.

Ó thaobh pleanáil spásúil, i gcás ina meastar tionscadal a bheith ina fhorbairt bonneagair straitéisigh, tabharfaidh an Bord Pleanála (FBS) don iarratasóir ionchasach liosta de na heagraíochtaí for-ordaithe nár mhór dul i gcomhairle leo ag deireadh chéim réamhiarratais na gcomhairliúchán.

Mór-gheallsealbhóirí eile is ea grúpaí cónaitheoirí. De ghnáth beidh an t-údarás áitiúil sa cheantar ina bhfuil an tionscadal le suí in ann ainmneacha agus sonraí teagmhála na ngrúpaí áitiúla cónaitheoirí a sholáthar.

Tá liosta de na húdaráis áitiúla agus a sonraí teagmhála ar fáil in Aguisín 1.

Gheofar in Aguisín 1, leis, liosta eagraíochtaí a fhorordaítear le haghaidh comhairliúcháin faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbartha agus tugtar a sonraí teagmhála in Aguisín 1.

Tá liosta de na húdaráis áitiúla agus a sonraí teagmhála ar fáil i roinn 8.2 den Lámhleabhar.

7. Sonraí na nDoiciméad in Iarratais

7.1 An Fhaisnéis Riachtanach

Ceanglóidh gach údarás toilithe faisnéis ar leith a chur isteach in éineacht le hiarratas ar thoiliú tionscadail. Tá roinnt riachtanais faisnéise i bpáirt ar na hiarratais uile, fiú nuair nach ionann na riachtanais reachtacha. Seo a leanas an fhaisnéis is dóichí is gá le go mbreithneofar iarratas:

- Cur síos ar an tionscadal agus ar a chuspóir, lena n-áirítear pleananna, líníochtaí agus trasghearrthacha atá riachtanach chun sonraí an dearaidh agus na crutha a thaispeáint.

- Suíomh an tionscadail, le léarscáil nó léarscáileanna ina mionsonraítear an suíomh beartaithe.
- Plean riosca tuilte, más gá.
- Nuair is gá, faisnéis (lena n-áirítear plean nó pleananna) i dtaobh:
    - aon láithreán nó gnéithe de chaomhnú an dúlra m.sh. láithreáin a bhfuil tábhachtach geolaíoch/tírdhreacha leo;
    - gnáthóga de speicis faoi chosaint, gnáthóga tábhachtacha nó gnéithe bithéagsúlachta eile, le dóthain sonraí le gur féidir leis an údaráis toilithe Measúnú Cuí a dhéanamh faoin Treoir maidir le Gnáthóga; agus
    - dobharlaigh i bplean bainistíochta abhantraí, mar aon le measúnú ar aon tionchar ar láithreáin den sórt sin, gnéithe, gnáthóga nó dobharlaigh a leanfadh an fhorbairt bheartaithe.

I gcás ina gceanglaítear measúnú tionchair timpeallacht ar TLC, ní mór an fhaisnéis riachtanach i bhfoirm ráitis tionchair timpeallacht a sholáthar.

7.2 Seicliosta

Gheofar in Aguisín II na sonraí a theastaíonn chun iarratas a dhéanamh ar fhorbairt bheartaithe a measadh a bheith ina fhorbairt bonneagair straitéisigh ag an mBord Pleanála.

Gheofar in Aguisín sonraí riachtanais na Gníomhaireachta um Chosaint Comhshaoil maidir le hiarratas ar chead nó ar cheadúnas.

Gheofar in Aguisín II sonraí maidir le riachtanais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an bpróiseas pleanála.

Gheofar in Aguisín II sonraí maidir le riachtanais na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca le toiliú imeall thrá.

Gheofar in Aguisín sonraí riachtanais CER maidir le hiarratas ar chead nó ar cheadúnas.

Aithneoidh an tÚdarás Inniúil, i gcomhar leis na húdaráis eile i dtrácht, agus nuair is cuí ar bhonn togra ó thionscnóir an tionscadail, raon an ábhair agus leibhéal sonraí na faisnéise a bheas le cur isteach ag tionscnóir an tionscadail, mar chuid den chomhad iarratais, chun iarratas a dhéanamh ar chinneadh cuimsitheach. Féach Aguisín II: Seicliosta.

8 Sonraí Teagmhála

8.1 Údarás Inniúil: An Bord Pleanála

Is é pointe teagmhála an Bhoird Phleanála (Údarás Inniúil) Seamus Grant, Oifigeach Feidhmiúcháin, s.grant@pleanala.ie

Mura bhfuil sé ar fáil, is féidir ceisteanna a sheoladh chuig:

An Bord Pleanála
Tionscadail Leasa Choitinn, 64 Sráid
Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

(01) 01 8588100 nó Glao Áitiúil 1890 275 175
Uimhir idirnáisiúnta +353 (0)1 8588100
Ríomhphost: bord@pleanala.ie

8.2 Údaráis Eile

Eagraíocht	Ainm	Seoladh R-phoist	Sonraí Teagmhála
An Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil	Caoimhin Smith nó Róisín Garland	Caoimhin.smith@dcenr.ie roisin.garland@dcenr.ie	29/31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. +353 (0) 1 6782000 +353 (0) 1 6782948 +353 (0) 1 6782278
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	Fáiltiú	distribution@cer.ie	The Exchange, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht,
An tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna & Fiadhúlra	David Lyons	manager.dau@ahg.gov.ie	Teacht an Chustaim, Lána an Draoi, Sráid na Tuile, Gaillimh, Éire
An Bord Pleanála (Rannán Bonneagair Straitéisigh).	Marcella Doyle	SIDS@pleanala.ie	64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.
An Roinn Tithiochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Jeannine Dunne	Jeannine.Dunne@housing.gov.ie	Pleanáil Muirí – Aonad Imeall Thrá na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Éire +353 (0) 53 9117342
An Ghníomhaireacht um Chosaint	Leo Sweeney	l.sweeney@epa.ie	Richview, Cluain Sceach, Baile Átha
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	Pat Conneely	pat_conneely@hsa.ie	Metropolitan Building, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1. +353 (0) 1 6147000